Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Eanáir 2025
(OR. en)

5585/25

LIMITE

AELE 7
FL 4
ISL 4
N 4
EEE 4
RELEX 82

PUBLIC

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2014/0045(NLE)**
**2014/0047(NLE)**
**2014/0046(NLE)**
**2014/0048(NLE)**
**2014/0049(NLE)**
**2014/0050(NLE)**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | (a) Cinneadh ón gComhairle i ndáil le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus trí chomhaontú ghaolmhara<br>- Glacadh<br>(b) Comhaontú maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus trí chomhaontú ghaolmhara<br>- An leagan Gaeilge a fhormheas |

1. An 18 Feabhra 2014, chuir an Coimisiún tograí faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinntí ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach na nithe seo a leanas:

   (a) an Comhaontú maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus an Prótacal gaolmhar, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (6690/14 + ADD 1-4)

   (b) Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (6697/14 + ADD 1) agus

(c) Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na hÍoslainne, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (6685/14 + ADD 1).

PUBLIC

2. An dáta céanna, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle i ndáil le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

3. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) an 4 Márta 2014, tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir le substaint na dtograí thuasluaite ón gCoimisiún agus chinn siad na trí chomhad a chumasc in aon chomhad amháin.

4. An 24 Márta 2014, ghlac an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus trí chomhaontú ghaolmhara, mar a leagtar amach in 6693/14[1] é, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur ar an téacs.

5. An dáta céanna, chinn an Chomhairle toiliú ó Pharlaimint na hEorpa a iarraidh, tar éis an tsínithe, ar bhonn an dréachtchinnidh ón gComhairle i ndáil le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus trí chomhaontú ghaolmhara, mar a leagtar amach in 6698/14 é, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur ar an téacs.

6. Shíníodh an Comhaontú maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus na trí chomhaontú ghaolmhara an 11 Aibreán 2014.

7. An 16 Nollaig 2014, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú ina leith.

8. An 19 Iúil 2024, chuir na Ballstáit bailchríoch ar na nósanna imeachta daingniúcháin maidir leis an gComhaontú agus na trí chomhaontú ghaolmhara.

---

[1] Leagtar amach, in 6696/14, an comhaontú agus na comhaontuithe gaolmhara, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur ar an téacs.

9. An 17 Meán Fómhair 2024, cuireadh an leagan Gaeilge den dréachtchinneadh ón gComhairle i ndáil le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus trí chomhaontú ghaolmhara (6698/14) ar fáil, mar aon leis an leagan Gaeilge den Chomhaontú agus na Prótacail ghaolmhara iad féin (6696/14).

10. An 27 Eanáir 2025, cuireadh an Mheitheal um Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar an eolas faoi staid na himeartha maidir leis an gcomhad seo.

11. Seolfar *Note Verbale* chuig tríú páirtithe LEE á rá go bhfuil na tagairtí do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chomhaontú maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch imithe i léig.

12. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh, trí mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

- an Cinneadh ón gComhairle i ndáil le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus trí chomhaontú ghaolmhara, mar a leagtar amach in 6698/14 é, a ghlacadh, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur ar an téacs.

- an leagan Gaeilge den Chomhaontú agus de na Prótacail ghaolmhara iad féin (6696/14) a fhormheas,

- a ordú go bhfoilseofaí, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, an leagan Gaeilge den Chomhaontú agus de na Prótacail ghaolmhara.

13. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus déanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.

PUBLIC